## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.12134 — SOFON / STEML / MRO JV)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/5369)

1. An 18 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Sofon Industries Company, faoi rialú Saudi Arabian Oil Company ('Sofon', an Araib Shádach)

— ST Engineering Marine Ltd, faoi rialú Temasek Holdings (Private) Limited ('STEML', Singeapór)

Gheobhaidh Sofon agus STEML rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar MRO JV ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Sofon gníomhach i dtionscal cosanta cabhlaigh agus muirí na hAraibe Sádaí,

— Tá STEML gníomhach i ndearadh, i dtógáil, i ndeisiú agus i dtiontú soithí cabhlaigh agus tráchtála.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais MRO JV soláthar seirbhísí cothabhála, deisiúcháin agus ollchóirithe le haghaidh soithí tráchtála i longchlóis Dammam agus Jeddah san Araib Shádach.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12134 — SOFON / STEML / MRO JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË